






SuperValu

# Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol




## An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht in bhur gceantar féin











Tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

# Lámhleabhar

Brought to you by the Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht
Tugtha chugaibh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Gaeltachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

SuperValu

**Cuireadh comórtas SuperValu na mBailte Slachtmhara ar bun thiar sa bhliain 1958. Tá sé ar an tionscnamh comhshaoil inbhuanaithe is mó cáil in Éirinn. Tá an comórtas á riar ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Tá sé urraithe ag SuperValu ó bhí 1991 ann.**

Déantar moltóireacht ar an gcomórtas de réir ocht gcatagóir:

- **An Pobal – Pleanáil agus Rannphairtíocht**
- **Sráid-Dreach agus Áiteanna Poiblí**
- **Spásanna Glasa agus Tírdhreachadh**
- **An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht in bhur gCeantar Féin**
- **An Inbhuanaitheacht – Breis a Bhaint as Beagán**
- **Slacht agus Rialú Bruscair**
- **Sráideanna Cónaithe agus Limistéir Thithíochta**
- **Bóithre Isteach, Sráideanna agus Lánaí**

I mí Mheán Fómhair 2015, ghlac 193 Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, clár dar teideal "I mbun athraithe". I gcroílár an Chláir Oibre seo tá na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna), spriocanna ina dtugtar léargas ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe. I gcodanna éagsúla den fhoirm iontrála, feicfidh sibh nasc idir na spriocanna seo agus catagóirí éagsúla i gcomórtas na mBailte Slachtmhara.
Más cuí, tugaigí sonraí i ngach catagóir ina bhféachann na tionscadail nó tionscnaimh le tabhairt faoi cheann amháin de na spriocanna inbhuanaithe nó níos mó ná sin.

Feicfidh sibh go bhfuil an chatagóir "An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht in bhur gceantar féin" ag teacht le spriocanna 6, 13, 14, 15 agus 17.




Fuarthas comhairle ó phainéal náisiúnta moltóirí chomórtas na mBailte Slachtmhara nuair a bhí an Lámhleabhar seo á chur le chéile. Tá an Lámhleabhar leagtha amach ina rannóga agus pléitear gach catagóir den chomórtas ceann ar cheann. Moltar don iontrálaí gan aon rannóg a léamh gan na cinn eile a léamh. Cuirtear béim mhór ar an tírdhreachadh sa mholtóireacht ar Shráid-dreacha agus Áiteanna Poiblí. Breathnófar ar Shráideanna Cónaithe, Limistéir Thithíochta, Bóithre Isteach, Sráideanna, Lánaí, Slacht agus Rialú Bruscair i gcatagóirí éagsúla. Mholfaimis daoibh, mar sin, breathnú ar na catagóirí ar fad, is cuma cén tionscadal nó tionscnamh a bheidh i gceist agaibh.

Ba chóir féachaint ar an rannóg ina dtugtar Eolas Ginearálta, áit a bhfuil eolas fiúntach do gach grúpa atá ag plé leis na Bailte Slachtmhara.

Sa rannóg seo, táimid ag plé leis "An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht in bhur gceantar féin". Féachaigí an bhileog scórála, áit a leagtar amach na marcanna don chatagóir seo. Tá an téacs seo a leanas ar an bhfoirm iontrála chun cuidiú leis an iontrálaí an chuid seo den fhoirm iontrála a líonadh amach.

Léirigh an tuiscint agus an fheasacht atá agat ar an dúlra agus ar bhithéagsúlacht i do cheantar. D'fhéadfadh limistéir chosanta agus/nó limistéir a bhfuil tábhacht chaomhnaithe leo a bheith i gceist. Uiscebhealaí, teorainneacha páirceanna, gnéithe le cósta ect. mar shampla. Léirigh tuiscint ar an mbealach is fearr ar cheart speicis agus gnáthóga san áit a bhainistiú agus a chosaint. Tá sé inmhianaithe go gcuirfí fianaise ar fáil de chomhoibriú le sainghrúpaí agus leis na húdaráis chuí i dtaobh obair a dhéanamh i gceantair íogaire.




# AN DÚLRA AGUS AN BHITHÉAGSÚLACHT IN BHUR gCEANTAR FÉIN

An dúlra: na gnéithe den saol fisiceach i dteannta a chéile, a chuimsíonn plandaí, ainmhithe, an tírdhreach, agus gnéithe agus táirgí eile ag baint leis an domhan.

An bhithéagsúlacht: éagsúlacht na mbeathachruthanna, i.e. speicis mamach, éan, plandaí etc. agus, ina theannta sin, éagsúlacht na gcineálacha gnáthóg, i.e. éagsúlacht na n-áiteanna ina bhfuil an dúlra faoi bhláth sa cheantar agus na modhanna éagsúla ina mbíonn dúile beo agus neamhbheo ag plé lena chéile.

An éiceolaíocht: an réimse de na heolaíochtaí fisiceacha ina ndéantar staidéar ar phlandaí agus ar ainmhithe ina ngnáthóga nádúrtha agus ar ghréasán na beatha agus na n-éiceachóras a chruthaíonn nasc eadrainn go léir.

## Eolas faoin gCatagóir seo

Baineann an chatagóir seo leis an dúlra agus an bhithéagsúlacht in bhur gceantar féin a thuiscint, a chosaint agus a fheabhsú. Beidh an Moltóir sa tóir ar fhianaise go bhfuil tuiscint shoiléir agaibh ar na gnéithe nádúrtha de bhur gcomharsanacht agus go gcuirtear na gnéithe sin san áireamh ar leibhéal an-bhunúsach in bhur gcuid oibre. Is ríthábhachtach daoibh a léiriú go dtuigeann sibh na háiteanna is luachmhaire ó thaobh na héiceolaíochta de in bhur gceantar agus nach mbeidh drochthionchar ag bhur gcuid oibre ar na háiteanna sin in am ar bith. Ba chóir daoibh muid a chur ar an eolas faoin dea-chomhairle atá lorgtha agaibh chun plé leis na háiteanna seo agus faoi na bealaí a bhfuil an chomhairle sin curtha i bhfeidhm agaibh. Más féidir é, ba chóir daoibh, in bhur nGrúpa i gcomórtas na mBailte Slachtmhara, tabhairt faoi thionscadal bunaithe ar eolas agus taighde ar mhaithe leis an dúlra agus bithéagsúlacht in bhur gceantar, bíodh sé sin i dtionscadail ag obair as bhur stuaim féin nó ag obair le gnólachtaí áitiúla agus grúpaí pobail. Gné lárnach den chatagóir seo ná an tslí a scaipeann sibh bhur n-eolas agus bhur dtuiscint ar na hacmhainní nádúrtha atá ag bhur bpobal.

### Na rudaí a chuirfidh an Moltóir san áireamh

1. Eolas agus Tuiscint ar an Dúlra agus ar an mBithéagsúlacht in bhur gCeantar
2. Gnáthóga agus Speicis in bhur nDúiche
3. Gníomhartha ar mhaithe leis an Dúlra agus Bithéagsúlacht
4. Feasacht

**Le tabhairt faoi deara:** Cuirtear i gcuimhne do ghrúpaí agus oibrithe deonacha na mBailte Slachtmhara gur gá tús áite a thabhairt i dtólamh dá sábháilteacht agus leas. Moltar do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara comhairle a iarraidh ar an nGarda Síochána sula dtugtar faoi thionscadail ar an mbóthar, cois bóthair nó ar imeall bóthair, é sin ar mhaithe le sábháilteacht oibrithe deonacha.

SuperValu Bailte Slachtmhara
Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

## 1. EOLAS AGUS TUISCINT AR AN DÚLRA AGUS AR AN MBITHÉAGSÚLACHT IN BHUR gCEANTAR

An rud is tábhachtaí sa chatagóir seo ná eolas ar na gnáthóga atá in bhur gceantar agus an áit a bhfuil siad. Céim an-tábhachtach is ea an **Suirbhé ar Ghnáthóga** agus ba chóir
tabhairt faoin suirbhé sin a luaithe agus is féidir. Beidh éiceolaí in ann comhairle a chur oraibh faoin tslí le tabhairt faoin suirbhé.
Más rud é nach bhfuil an chéim seo déanta agaibh roimhe seo, moltar daoibh comhairle a lorg ar Ghrúpa Bailte Slachtmhara in bhur gceantar le neart taithí acu faoin modh a bhí acu leis an suirbhé a dhéanamh. Duine eile lenar féidir dul i dteagmháil ná an tOifigeach Oidhreachta agus/nó Bithéagsúlachta in bhur gContae. Mar chuid den suirbhé, ba chóir cur síos a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla gnáthóg atá in bhur gceantar agus ar na speicis is tábhachtaí flóra agus fána atá ag fás ansin. Moltar Treoir na Comhairle Oidhreachta maidir le Gnáthóga in Éirinn (ar féidir í a íoslódáil saor in aisce – féach an tÁbhar Úsáideach, thíos) a úsáid agus sibh ag féachaint le gnáthóga i limistéar an tsuirbhé a aithint. Toradh an-tábhachtach a thiocfaidh as bhur suirbhé ar ghnáthóga ná Léarscáil na nGnáthóg.

Is ar **Léarscáil na nGnáthóg** ba chóir suíomh agus fairsinge na ngnáthóg in bhur gceantar a thaispeáint. Tá lear mór cineálacha úsáideacha d'fheidhmchláir léarscáilithe ar fáil ar líne más mian libh léarscáil dhigiteach a chruthú. Glacfar le léarscáil shoiléir lámhscríofa chomh maith céanna. Ba chóir go mbeadh an léarscáil de réir scála, agus gach ceann de na gnáthóga cuí le feiceáil uirthi, cuir i gcás aibhneacha, srutháin, fálta sceach, etc. Níos tábhachtaí ná sin, ba chóir aon ghnáthóga atá íogair, faoi bhagairt nó faoi chosaint a chur ar an léarscáil.

Gan eisceacht, is iad na **Limistéir atá ainmnithe don Chaomhantas Dúlra nó atá faoi Chosaint** na limistéir is tábhachtaí le heolas a chur orthu in bhur ndúiche. Cá bhfios go bhfuil limistéar áirithe faoi chosaint? Tá cuid mhaith eolais faoi seo ar fáil saor in aisce anois, níos mó ná riamh. Tá bunachar sonraí léarscáilithe ar líne ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (féach 'Cé a dhéanann cén rud?' anseo thíos) ar furasta é a úsáid. Tugtar ansin gach limistéar atá ainmnithe don chaomhantas dúlra in Éirinn. Is fíorthábhachtach go mbeidh sibh ar an eolas faoi aon limistéir atá ainmnithe nó faoi chosaint in bhur gceantar agus na cúiseanna a bhfuil tábhacht leo.

### CINEÁLACHA LIMISTÉAR FAOI CHOSAINT

**Limistéar Oidhreachta Náisiúnta (LON)** – limistéar a mbaineann tábhacht náisiúnta leis ó thaobh gnáthóg de nó a bhfuil speicis ann nach mór a ngnáthóga a chosaint.

**Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS)** – limistéar faoi chosaint a mbaineann tábhacht idirnáisiúnta leis ó thaobh gnáthóg agus speiceas de. Cuid de líonra uile-Eorpach de láithreáin faoi chosaint

**Limistéar Cosanta Speisialta (SPA)** – limistéar faoi chosaint a mbaineann tábhacht idirnáisiúnta leis mar gheall ar speicis áirithe éan agus a ngnáthóga.

**Anaclanna Dúlra** – limistéar atá faoi chosaint mar gheall ar an bhfiadhúlra ann agus, go hiondúil, faoi úinéireacht an stáit.

**Tearmainn Éanlaithe Fiáine** – láithreáin nach gceadaítear éanlaith ghéim a scaoileadh iontu

**An Bhithéagsúlacht agus an Dlí:** Is tábhachtach go mbeidh sibh ar an eolas faoin reachtaíocht is tábhachtaí atá i bhfeidhm chun an fiadhúlra agus gnáthóga a chosaint. D'fhéadfadh dea-rún a bheith ag grúpa ach go mbrisfidís an dlí mar gheall ar aineolas agus iad ag tabhairt faoi thionscadal. Is riachtanach eolas a chur ar na bunrudaí. Is é **an tAcht um Fhiadhúlra**, a tugadh isteach sa bhliain 1976 agus atá leasaithe cúpla uair ó shin, atá mar bhonn faoin gcosaint atá againn sa tír de réir dlí ar mhaithe le speicis agus gnáthóga.
Tá nach mór gach éan agus mamach faoi chosaint faoin acht seo. Déantar foráil don chosaint gnáthóg (mar shampla, cosc ar fhálta sceach a ghearradh le linn shéasúr neadaithe na n-éan) faoin acht seo chomh maith. Faoin acht seo, foráiltear don stát limistéir faoi chosaint a ainmniú agus an tsealgaireacht a rialú. Píosa reachtaíochta Eorpaí atá sa **Treoir maidir le Gnáthóga** a cheanglaíonn ar Bhallstáit na gnáthóga agus na speicis is tábhachtaí dá bhfuil ann a chosaint. Déantar foráil leis an reachtaíocht Limistéir Speisialta Chaomhantais (LSCanna) a chur i bhfeidhm. Píosa reachtaíochta Eorpaí eile ná **an Treoir um Éin** a cheanglaíonn ar stáit speicis áirithe éan a chosaint agus Limistéir Chosanta Speisialta (SPAnna) a chur i bhfeidhm. Molaimid go láidir daoibh dul i dteagmháil leis an Maor Caomhantais áitiúil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra nó leis an Oifigeach Oidhreachta nó Bithéagsúlachta sa Chomhairle Contae má chreideann sibh go bhfuil seans ann go mbeidh baint agaibh le limistéir nó speicis atá faoi chosaint in bhur gcuid oibre.

## CÉ A DHÉANANN CÉN RUD Ó THAOBH AN DÚLRA AGUS NA BITHÉAGSÚLACHTA DE?

**An tOifigeach Feasachta Comhshaoil** – tá an duine seo fostaithe ag an údarás áitiúil le beartais agus pleananna comhshaoil a chur chun cinn, faoi mar a bhaineann sin leis an mbainistiú dramhaíola, le gníomhartha in aghaidh an bhruscair, leis an gcosc ar bhruscar agus le háiseanna a chosaint. Teagmhálaí tábhachtach do na Bailte Slachtmhara atá san Oifigeach Feasachta Comhshaoil.

**An Maor Caomhantais** – ar a dtugtaí an Maor Fiadhúlra. Is iad seo na hoifigigh sa tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a dhéanann maoirseacht ar fheidhmiú na reachtaíochta maidir leis an bhfiadhúlra. Cuireann siad comhairle bhreá ar fáil chomh maith.

**An tOifigeach Oidhreachta** – bíonn an duine sa ról seo fostaithe ag an údarás áitiúil, duine a chomhlíonann ról tábhachtach le tuiscint agus eolas daoine ar an oidhreacht áitiúil a fhorbairt agus a chuireann comhairle agus treoir ar fáil ar ghnéithe d'oidhreacht an chontae.

**An tOifigeach Bithéagsúlachta** – is ag an údarás áitiúil a bhíonn an duine seo fostaithe chomh maith, agus seo an duine atá freagrach as Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta an chontae a chur i bhfeidhm chomh maith le comhairle agus treoir a chur ar fáil faoi cheisteanna bithéagsúlachta go háitiúil. Níl Oifigeach Bithéagsúlachta lánaimseartha ann ach i líon beag contaetha.



## 2. GNÁTHÓGA AGUS SPEICIS IN BHUR nDÚICHE

### GNÁTHÓGA IN BHUR nDÚICHE

Tá **Aibhneacha, Lochanna agus Gnáthóga Fionnuisce** ar na cineálacha gnáthóige is tábhachtaí agus, is dócha, is íogaire dá bhfuil ann in aon limistéar. Ba chóir iad seo a léiriú go soiléir ar bhur léarscáil gnáthóg agus ba chóir daoibh muid a chur ar an eolas faoin obair a dhéanann sibhse leis na limistéir seo a chosaint nó a fheabhsú. Is minic nach dtugtar faoi deara na cineálacha gnáthóg seo i mbailte móra agus i sráidbhailte agus nach dtugtar cosaint chomh maith dóibh agus ba chóir. Tá acmhainní ardchaighdeáin ar fáil ar líne (féach tábla na suíomhanna gréasáin molta anseo thíos) ar a dtaispeántar an áit a bhfuil na sruthchúrsaí agus dobharlaigh go léir. Is ansin a gheofar an t-eolas faoin Oifigeach Uiscí Pobail in bhur gceantar (féach 'Cé a dhéanann cén rud?' thuas). Tá léarscáiliú mionsonraithe déanta ar shruthchúrsaí ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus saintréithe á léiriú ar shlí atá áisiúil, cuir i gcás treo na sreafaí.

**Tránna, Dumhcha agus Ceantair cois Cósta:** Más rud é go bhfuil limistéir den chineál seo in bhur gceantar, ba chóir aire a thabhairt mar go bhfuil seans maith ann gur limistéir faoi chosaint iad. Is cinnte go mbeidh cineálacha leochaileacha gnáthóg iontu agus go mbeidh sé riachtanach an-aire a thabhairt má bhíonn aon obair beartaithe agaibh ansin. Ba chóir comhairle a iarraidh ar bhur Maor Caomhantais roimh ré.

**Coillte, Crannteorainneacha agus Fálta Sceach:** Tá crainn fhásta agus, go háirithe, coillte ar na cineálacha is tábhachtaí de ghnáthóga don dúlra in áit ar bith.
Má bhíonn coillearnach sheasmhach ann le fada in áit éigin, cuirtear bia agus foscadh ar fáil an bhliain ar fad do réimse an-mhór speiceas, bídís sin plandaí, fungais, inveirteabraigh, éin agus mamaigh. Mholfaimis gur chóir gach iarracht a dhéanamh crainn fhásta agus coillte a chothabháil agus iad a fheabhsú más féidir é. Gnáthóg thábhachtach don 'timaistriú' iad na crannteorainneacha ag éin agus ag ialtóga agus tá siad le fáil ar chuid mhór bóithre isteach.
Is é an líonra fálta sceach ar fud na hÉireann cnámh droma na bithéagsúlachta i limistéir go leor, go háirithe le tamall de bhlianta anuas agus an talmhaíocht ag éirí níos déine. Rud atá ag éirí níos tábhachtaí anois ná riamh ná fálta sceach áitiúla a léarscáiliú agus na speicis atá iontu a thaifeadadh

toisc go bhfuil siad ag imeacht ar fad faoin mbrú ón tithíocht agus ón talmhaíocht. Taiscí iontacha bithéagsúlachta iad i ndúiche, agus is féidir díriú orthu i gcás cineálacha éagsúla tionscadal, cuir i gcás ‘Fálta Inite’ Pobail (i.e. fálta ina gcuirtear crainn torthaí agus cnónna), tionscadal scileanna traidisiúnta fáldluí agus tionscadail taifeadta éan agus ialtóg, etc.

**Foirgnimh agus Ballaí Cloiche:** Beidh samplaí de na gnáthóga seo le fáil i ngach pobal. D’fhéadfadh sé go mbeadh faraí ialtóg nó neadacha éan i bhfoirgnimh áirithe (féach an méid atá thíos). Níor chóir leanúint ar aghaidh le haon oibreacha ar struchtúir dá leithéid ach amháin má dheimhnítear nach bhfuil siad ann. Má bhíonn seanfhoirgneamh á athchóiriú agaibh, bígí ar an airdeall ar eagla go mbeadh fuinneoga oscailte nó briste ann nó bealaí eile a bhféadfadh ialtóga nó éin, fáinleoga mar shampla, dul isteach san fhoirgneamh. Ba chóir plean a dhéanamh chun an bealach isteach sin a choinneáil (féach an suíomh gréasáin atá ag Caomhnú an Ghabhláin Gaoithe in Éirinn, mionsonraí anseo thíos). Is sa tsaoirseacht chloiche a fhaightear meascán leathan de chineálacha léicin, raithní agus plandaí. Moltar gan cur isteach orthu más féidir. Ní gá eidhneán a bhaint ó fhoirgnimh de ghnáth. Planda tábhachtach bia agus áit thábhachtach gheimhrithe atá san eidhneán ag feithidí, mamaigh agus éin. Má bhaintear eidhneán atá ann le tamall ó bhríceadóireacht nó ó shaoirseacht chloiche, is féidir damáiste a dhéanamh d’fhoirgneamh. Moltar é a fhágáil mar a bhfuil sé.

**Páirceanna agus Spásanna Oscailte:** Tá fearann páirce agus bán áise ag an gcuid is mó de phobail. Ní bhíonn an oiread sin den bhithéagsúlacht le fáil i bhféar má bhaintear go minic é, ach bíonn deis ann i spásanna glasa i bpáirceanna agus eastáit tithíochta an bhithéagsúlacht a fheabhsú as móinéar bláthanna fiáine a fhorbairt. Ní bhíonn i gceist de ghnáth ach gearradh siar ar chomh minic a bhaintear an féar, an méid a bhaintear a thógáil ar shiúl agus fanacht le fáil amach cé na plandaí a dtiocfaidh bláth orthu. Más féidir, ag brath ar an úsáid a bhaintear as an spás, is féidir cosáin tharraingteacha féir a lomadh san áit nó binsí a chur isteach le go mbeidh daoine in ann amharc ar na féileacáin nó speicis pailneoirí eile a bheidh ann.

## SPEICIS IN BHUR nDÚICHE:

**Ialtóga agus na Bailte Slachtmhara:** Tá gach speiceas den ialtóg (tá 9 gcinn againn sa tír) faoi chosaint ag an dlí in Éirinn. Na háiteanna a dtéann siad a chodladh iontu (faraí), tá siad siúd faoi chosaint má bhíonn ialtóga ag cur fúthu iontu. Má bhíonn foirgneamh le leagan, le hathchóiriú nó le feabhsú mar chuid den obair atá beartaithe agaibh (fiú más seideanna caite atá i gceist), moltar go láidir dul i dteagmháil leis an Maor Caomhantais áitiúil le comhairle a fháil sula gcuirtear tús leis an obair le go mbeidh baol níos lú ann go ndéanfar dochar d’aon ialtóga. Tá suíomh gréasáin an-mhaith ag Caomhnú Ialtóg Éireann. Molaimid daoibh amharc air (cf. tábla na suíomhanna gréasáin anseo thíos).
Tá lámhleabhar treoirlínte saor in aisce curtha le chéile acu go háirithe do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara agus tá foirm pdf de curtha ar fáil (https://www.batconservationireland.org/wp-content/uploads/2015/05/BCIrelandGuidelines_TidyTowns.pdf).Rud an-mhaith le déanamh ag grúpaí na mBailte Slachtmhara ná boscaí fáirthe ialtóg a chur isteach. Mholfaimis daoibh dea-chomhairle a fháil faoi bhoscaí mar sin a chur isteach. Ní deacair é a dhéanamh ach is gá é a thuiscint i gceart!

**Aire a thabhairt do na hÉin in bhur gCeantar:** Tá an-chuid daoine an-tugtha do na héin agus don mhaitheas a dhéanann siad sa dúlra. Ós rud é go bhfuil an oiread sin cineálacha éan ann, bíonn rudaí úra le foghlaim i dtólamh faoi speicis agus beatha na n-éan. Is tábhachtach a chuimhneamh go bhfuil gach éan in Éirinn faoi chosaint an dlí go pointe áirithe. An rud is fearr is féidir le grúpaí na mBailte Slachtmhara a dhéanamh ar mhaithe leis na héin, b’fhéidir, ná a ngnáthóga a chosaint. Is i gcoillte, crannteorainneacha, fálta sceach agus fásra coille eile is mó a bhíonn na héin le foscadh a fháil, le hiad féin a bheathú agus le dul ag síolrú. Ba chóir smaoineamh ar an méid sin agus ar shéasúr an ghoir má bhíonn aon limistéar á ghlanadh.
Tá sé sin go speisialta tábhachtach má bhíonn eidhneán i gceist. Planda dúchasach atá san eidhneán agus bíonn lear mór speiceas ag brath air don bhia (pailin agus torthaí) san fhómhar agus sa gheimhreadh. Tá an t-eidhneán in ann áiteanna foscaidh agus geimhrithe a chur ar fáil do speicis go leor feithidí, éan agus, uaireanta, ialtóg. Ról an-tábhachtach a chomhlíonann grúpaí na mBailte Slachtmhara ná gnáthóga a fhorbairt d’éin. Leis sin a dhéanamh, is féidir áiteanna coille nua nó fálta sceach a phlandú, ach chomh maith leis sin is féidir socruithe a dhéanamh don ‘lomadh annamh’ (féach an rannóg thuas maidir le Páirceanna agus Spásanna Oscailte) le go mbeidh níos mó feithidí san aer do na héin seilge.

Rud thar a bheith luachmhar le cur isteach i mórán gach áit ná **áiteanna neadaithe**. Má bhíonn boscaí neadaithe éan á ndéanamh nó á gcur isteach agaibh, bígí cinnte an trealamh ceart a úsáid agus cloí le treoir chuí. Tá eolas an-mhaith ag Cairde Éanlaith Éireann ar an suíomh gréasáin acu. Tá comhairle mhionsonraithe ag an gCumann Ríoga um Chosaint Éan (cf. tábla na suíomhanna gréasáin anseo thíos) maidir le boscaí neadaithe a dhéanamh agus a chur isteach Is gá cothabháil a dhéanamh gach bliain ar bhoscaí neadaithe éan agus beidh an Moltóir ag lorg fianaise a fheiceáil go ndéantar é sin. Tá titim mhillteanach tagtha ar phobal cuid mhór de na speicis éan sa tír. Ba mhaith linn dá mbeadh grúpaí na mBailte Slachtmhara in ann bearta bunaithe ar eolas a dhéanamh ar mhaithe le speicis mar an gabhlán gaoithe agus an fháinleog. Seift thar a bheith maith atá ann ná brící gabhlán gaoithe a chur isteach i bhfoirgnimh atá á dtógáil nó á n-athchóiriú.
Tionscadal eile atá an-tábhachtach agus ar féidir le pobail go leor na mBailte Slachtmhara a bheith ag obair air ná boscaí agus glaoiteoirí na ngabhlán gaoithe. Tá sé seo fíorthábhachtach óir tá ísliú ag teacht ar phobal an speicis seo in Éirinn. Tá tuilleadh eolais i dtábla na suíomhanna gréasáin anseo thíos.

Gníomh atá an-taitneamhach agus fiúntach do ghrúpaí de gach cineál ná **Éin a Bheathú**. Má bhíonn sibh ag iarraidh beathadáin éan a chur suas, mholfaimis daoibh plean a shocrú maidir le cén áit a gcuirfidh sibh iad, cé a dtabharfaidh aire dóibh agus cé a líonfaidh iad nuair is gá. Má chuireann sibh beathadáin in airde, is gá iad a líonadh i rith na bliana. Beidh sé sin deacair ag scoileanna nó ionaid phobail, áiteanna a mbíonn saoire fhada acu sa gheimhreadh agus sa samhradh. Is gá plean a shocrú in am roimh ré dá réir. Tá rannóg Ceisteanna Coitianta thar a bheith maith ag Cairde Éanlaith Éireann ar shuíomh gréasáin na heagraíochta.

## 3. GNÍOMHARTHA AR MHAITHE LEIS AN DÚLRA AGUS BITHÉAGSÚLACHT

Sa rannóg seo, beifear ag amharc ar chuid tionscadail ghníomhacha a bhféadfadh bhur ngrúpa triail a bhaint astu leis an dúlra agus an bhithéagsúlacht a chosaint nó a fheabhsú. Is iomaí cineál tionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann, i bhfad barraíocht acu le hiad go léir a lua anseo, ach seo cur síos ar chuid acu:

**Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil** – Seo plean atá ceaptha go sonrach do bhur gceantar féin, plean a thabharfaidh tuiscint níos fearr don phobal leis an dúlra agus bithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú. Ní hionann lár an bhaile mhóir in aon dá cheann de na Bailte Slachtmhara, ach bíonn an bhithéagsúlacht le fáil i ngach áit, fiú in áiteanna a bhfuil neart foirgneamh iontu, chomh maith le deiseanna le hiad a fheabhsú. D'fhéadfaí Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil a chur le chéile nuair a bheidh bhur suirbhé ar ghnáthóga curtha i gcrích agaibh, nuair a bheidh méid áirithe tionscadail dúlra curtha i gcrích agaibh cheana féin, b'fhéidir. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil sraith gníomhartha ar féidir iad a ghlacadh go háitiúil le bithéagsúlacht bhur bpobail a chosaint, a fheabhsú agus a fhorbairt. Ba chóir éiceolaí a fháil leis an bplean a chur le chéile i gcomhar leis an údarás áitiúil. Sa chéad Phlean Bithéagsúlachta Náisiúnta a bhí in Éirinn, iarradh ar gach údarás áitiúil tacú le cruthú pleananna mar sin ar an leibhéal áitiúil, mar sin beidh lucht an Phlean Náisiúnta sásta cuidiú le bhur ngrúpa sa tionscnamh seo. Cúpla bliain a bheidh i gceist leis an bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil agus gheobhaidh bhur ngrúpa léargas maith ar na cineálacha tionscadal ar chóir daoibh tabhairt fúthu.

**Suirbhéanna** – is maith an rud é i dtólamh eolas a bhailiú. Tionscnamh an-fhiúntach é suirbhé atá pleanáilte go héifeachtach. Moltar go láidir suirbhéanna sonracha a dhéanamh ar mhaithe le speicis atá faoi bhagairt, cuir i gcás an gabhlán gaoithe. Is fiú suirbhéanna a dhéanamh i dtaobh bláthanna fiáine agus plandaí eile chomh maith. Bíonn grúpaí caomhantais agus ionaid acadúla sa tóir ar oibrithe deonacha i gcónaí le suirbhéanna de gach cineál a dhéanamh, cuir i gcás féileacáin agus feithidí eile a chuntas, chomh maith le suirbhéanna ar ialtóga san oíche. Tá cuid mhór eolais ar na tionscadail seo don 'eolaíocht saoránach' ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Chomhshaoil (www. epa.ie) agus ar www.biodiversityireland.ie. An dara suíomh gréasáin ansin, tá sé sin á riar ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Moltar ansin do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara le bhur ngníomhartha ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht a thaifeadadh, agus déanfar an méid sin a léarscáiliú le go bhfeicfear na gníomhartha atá ar bun ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht ar fud na hÉireann.

**Crainn a chur** - *An uair is fearr le crann a chur ná 20 bliain ó shin. An dara huair is fearr ná anois.* …sin an chomhairle a chuirtear orainn i seanfhocal Síneach a léiríonn an tábhacht dúinn ar fad a bhaineann leis na crainn. Moltar go deimhin do gach grúpa de chuid na mBailte Slachtmhara tionscnaimh curtha crann a eagrú agus an oiread daoine a spreagadh le bheith páirteach iontu agus is féidir chun cur leis an líon crann atá ina gceantar. Ba chóir neart comhairle a fháil faoi seo sula dtabharfaidh sibh faoi. Mairfidh crann na céadta bliain. Seo tionscadal fadtéarma mar sin agus is gá é a phleanáil dá réir.
Ba chóir dul i gcomhairle leis an údarás áitiúil maidir le suíomhanna cuí. Is minic a bhíonn úinéirí talún breá sásta le grúpaí de chuid na mBailte Slachtmhara crainn a chur ar a dtalamh nó gar dá dtalamh, ach is fearr i dtólamh cead a iarraidh orthu. Tá neart feirmeoirí ann anois a bhfuil saineolas acu ar chrainn a chur, mar sin is féidir comhairle a lorg orthusan chomh maith. Agus láithreán á roghnú agaibh, ná déanaigí dearmad go n-éiríonn cuid crann an-mhór - bíodh go leor spáis ann dá réir. Cuardaígí sula gcuirtear! Agus speiceas crainn á roghnú agaibh lena chur, faigh amach na crainn a fhásann go maith in bhur ndúiche. Beidh na cineálacha sin breá fóirsteanach de ghnáth. Molaimid i gcónaí crainn dhúchasacha a chur toisc gurb iad siúd is fearr a bheidh ann don fhiadhúlra. Mar shampla, gnáthóg inti féin atá sa dair agus bíonn breis agus 200 speiceas eile ag maireachtáil a bhuí le crann fásta den chineál sin! Tá speicis neamhdhúchasacha ann chomh maith (mar shampla an crann líomaí, sceach na sead agus an labhróg) a théann chun tairbhe don fhiadhúlra chomh maith. Cuireann an carthanas Éireannach 'Trees on the Land' buinneáin de chrainn dhúchasacha ar fáil saor in aisce do ghrúpaí pobail mar chuid dá dtionscnamh le go mbeidh níos mó crainn dhúchasacha in Éirinn. Tá tuilleadh eolais i dtábla na suíomhanna gréasáin anseo thíos.

**Gníomhartha ar mhaithe le Pailneoirí** – Is soiléir le tamall de bhlianta anuas go bhfuil géarchéim ann i dtaca le cuid mhaith de speicis phailnitheacha na bhfeithidí sa tír. Tá grúpaí de chuid na mBailte Slachtmhara ar thús cadhnaíochta in iarrachtaí le cás na bpailneoirí a fheabhsú. Ó tharla go bhfuil tábhacht ag baint le feithidí pailnitheacha i gcomhthéacs na bithéagsúlachta, beifear ag súil leis go gcuirfidh gach grúpa na speicis seo san áireamh agus iad ag tabhairt faoi thionscadail. Rud atá dearfach ná go bhfuil neart eolais ann anois faoin tslí le tabhairt faoina leithéid de thionscadail. An fhoinse is údarásaí sa réimse seo ná Plean Uile-Éireann um Pailneoirí. Tá réimse leathan eolais sa Phlean seo faoin ábhar, smaointe le haghaidh tionscadal ina measc. Moltar go láidir daoibh am a chaitheamh ar an suíomh gréasáin www.pollinators.ie mar a bhfuil treoirlínte, acmhainní le híoslódáil, nuacht agus sonraí maidir le hoiliúint. Mar thoradh ar neart gníomhartha ar mhaithe le pailneoirí, cuirfear le háilleacht bhur gceantair, cuir i gcás móinéir bláthanna fiáine agus crainn torthaí. Tá nach mór gach údarás áitiúil cláraithe le Plean Uile-Éireann um Pailneoirí, mar sin is dócha go bhfaighidh sibh éisteacht mhaith nuair a rachaidh sibh sa tóir ar chuidiú agus comhairle sa réimse seo.

**Cruthú Gnáthóg** – bíonn sé an-simplí gnáthóga a chruthú uaireanta (mar shampla, carnán lomán nó carn múirín). Uaireanta eile bíonn sé níos casta, mar shampla má bhítear le lochán a chruthú ó thús. Tionscadail an-suimiúil iad i gcónaí agus beidh neart le foghlaim ag bhur ngrúpa óna leithéid. Má bhíonn sibh ag plé le suíomhanna saorga neadaithe, cuir i gcás bruacha don ghabhlán gainimh, beidh saineolas áirithe de dhíth, ach bíonn tionscadail indéanta ann a bhíonn breá éasca agus gan aon chostas mór ag baint leo, cuir i gcás fálta sceach a chur, nó bruacha beach agus féileacán. Beidh buntáistí bithéagsúlachta 'nádúrtha' ag baint le cuid de bhur dtionscadail eile. Mar shampla, tá ballaí cloiche fíormhaith d'fheithidí pailnitheacha áirithe, bíonn plásáin agus gairdíní pobail an-oiriúnach do phailneoirí chomh maith agus is féidir gnéithe inite do na héin a chur isteach mar chuid den tírdhreachadh.



**Bainistiú Gnáthóg –** moltar i gcónaí breathnú ar bhealaí chun áiteanna a bhfuil gnáthóga iontu cheana féin a bhainistiú níos fearr don fhiadhúlra. Bíonn sé seo breá simplí de ghnáth, mar shampla is féidir an lomadh a athrú ó uair gach coicís go dhá uair sa bhliain má bhíonn móinéar bláthanna fiáine arda ann, nó uair gach sé seachtaine má bhíonn móinéar bláthanna fiáine gearra ann. Má bhaintear plandaí neamhdhúchasacha nó plandaí atá róbhríomhar ó áit, is féidir cur leis an mbithéagsúlacht láithreach uaireanta, mar shampla labhras silíní i bhfálta sceach agus i gcoillte. Más féidir fairsinge cuid speiceas coille a ghearradh siar, bíonn deis níos fearr uaireanta ag flóra talún teacht chun cinn. Ba chóir chomhairle a iarraidh ar shaineolaí má bhíonn tionscadal mór glanta áite ar na bacáin agaibh.

**Speicis Ionracha** – is éard is speiceas ionrach ann speiceas neamhdhúchasach atá ann ar fad agus atá in ann dochar eacnamaíoch nó éiceolaíochta a dhéanamh. Is plandaí iad an chuid is mó de na speicis a chruthaíonn fadhbanna agus atá sa chatagóir seo. An sampla is mó clú astu, b'fhéidir, ná glúineach bhiorach. Ach tá neart cineálacha eile de speicis ionracha ann a fheicfidh grúpaí na mBailte Slachtmhara agus iad ag tabhairt faoina gcuid oibre. Is áisiúil go bhfuil eolas maith ar na speicis seo ar an suíomh gréasáin www.invasivespeciesireland. com. Bíodh sin mar atá, moltar go láidir comhairle a lorg ar shaineolaí má mheasann sibh go bhfuil seans ann go bhfuil speiceas ionrach in bhur gceantar.
Na speicis sin is mó a chruthaíonn fadhbanna, tá siad siúd faoi rialuithe dlí, mar sin is riachtanach go mbeidh sibh ar an eolas ina leith. Má thugtar speiceas ionrach faoi deara agus an mholtóireacht ar bun, beidh an moltóir ag súil le fianaise ar bhur bhfoirm iontrála a chuirfidh in iúl go raibh sibh ar an eolas faoi agus ar an méid atá beartaithe agaibh lena bhainistiú i gceart.

**Scéimeanna Plandaithe atá Deas Fiúntach don Fhiadhúlra** – moltar go láidir daoibh smaoineamh ar speicis fhiáine agus bhur scéimeanna plandaithe á bpleanáil agaibh, ach uaireanta bíonn scéimeanna plandaithe níos foirmiúla ag teastáil, go háirithe in áiteanna uirbeacha. Bíonn plandaí ilbhliantúla níos fearr do na pailneoirí de ghnáth agus bíonn siad níos éifeachtaí ó thaobh costais de toisc go maireann siad 10 mbliana go 12 bhliain. Má bhíonn meascán de phlandaí ilbhliantúla luibheacha ann mar aon le toir struchtúrtha, beidh dathanna breátha ann 10 mí sa bhliain má roghnaíonn sibh an meascán ceart plandaí. Tá an 'Cód Curtha Pailneoirí' ar fáil saor in aisce lena íoslódáil ar www.pollinators.ie/ agus istigh ann tá liostaí an-úsáideach d'ilbhliantóga, crainn agus bolgáin, an t-am den bhliain a bhíonn siad faoi bhláth agus an áit is fearr le hiad a chur, mar shampla áit atá grianmhar, faoi scáth, etc. Don chineál maisiúil plandála seo, ní riachtanach go mbeidh plandaí dúchasacha iontu le go mbeidh luach maith bithéagsúlachta ag baint leo. Tá cuid mhaith speicis neamhdhúchasacha ann a bhfuil cuma bhreá orthu agus a chuireann neart bia ar fáil d'fheithidí pailnitheacha.
Samplaí díobh seo ná cineálacha den easpagán buí, nuinseannach, Penstemon, eileabar, grafán, chia agus labhandar. I gcás tor coille mar chainchín mion agus sceach lasartha, bíonn
torthaí agus bláthanna orthu a théann chun tairbhe don fhiadhúlra. Agus crainn á roghnú agaibh, ba chóir smaoineamh ar chrainn dhúchasacha i gcónaí, ach tá crainn neamhdhúchasacha áirithe maith d'fheithidí pailnitheacha, agus d'éin agus mamaigh ocracha chomh maith, cuir i gcás crainn líomaí, viburnum catalpa agus na crainn torthaí ar fad, cuir i gcás crainn úll, piorraí, plumaí agus silíní.



## 4. FEASACHT

Tá ról faoi leith le comhlíonadh ag grúpaí na mBailte Slachtmhara ó thaobh na feasachta ar an mbithéagsúlacht de. Is minic iadsan atá taobh thiar den tuiscint agus feasacht atá ag pobal ar áiteanna agus spásanna fiáine. Mholfaimis do gach grúpa a ndícheall a dhéanamh leis an scéal a scaipeadh faoi aon tionscadal dúlra nó bithéagsúlachta a bheidh ar bun acu, fiú mura mbíonn i gceist ach an pobal a chur ar an eolas faoin áit is fearr don fhiadhúlra sa cheantar.

**Scoileanna** – má tá scoil sa cheantar agaibh, ba bhreá linn breathnú ar an dóigh a mbíonn sibh ag obair i gcomhar leis na daltaí agus na múinteoirí ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht áitiúil. Tá pobal nach mór gach scoile ar an eolas faoin gcomhshaol a bhuí le gluaiseacht na Scoileanna Glasa agus bíonn siad ag iarraidh naisc a chruthú le dreamanna ar an taobh eile de gheata na scoile. Beidh sibh ag cnagadh ar dhoras atá oscailte cheana féin. Is áiteanna ar dóigh iad gairdíní scoile do thionscadail fiadhúlra. Bíonn daltaí scoile díograiseach le tabhairt faoi shuirbhéanna fiadhúlra. Bígí cinnte labhairt le comhordaitheoir na hIdirbhliana sa scoil agus fáil amach an mbeidh aon daltaí dara leibhéal in ann cuidiú libh in bhur gcuid oibre. Ba chóir scoileanna an cheantair a chur ar an eolas faoi na hacmhainní úsáideacha ar fad atá ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar www.pollinators.ie/resources. Is ansin a gheobhaidh siad an leagan do scoileanna den Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí chomh maith le cuid mhór smaointe faoi thionscadail a bhféadfadh na scoileanna tabhairt fúthu i gcomhar le grúpa na mBailte Slachtmhara.

**Comharthaí** – bíonn a lán grúpaí díograiseach faoi chomharthaí a chur in airde agus eolas orthu faoin mbithéagsúlacht agus faoin bhfiadhúlra. Mholfaimis do ghrúpaí a gcuid ama a ghlacadh lena leithéid agus neart plé a dhéanamh air. Is riachtanach go mbeidh eolas cruinn ardchaighdeáin ann, mar sin ba chóir comhairle a fháil ó shaineolaí faoin ábhar. Mholfaimis chomh maith gur chóir eolas a chur ar fáil a bhaineann go sonrach leis an gceantar, seachas eolas ginearálta. Bígí cinnte gan tranglam comharthaí a chruthú ná a dhéanamh níos measa agus gan áit atá go breá ar fad mar atá a phlúchadh. Bígí cinnte go mbeidh sibh in ann bhur gcomhartha a chothabháil lena choinneáil glan agus dea-bhail air. Is féidir le grúpa leas a bhaint as comharthaí ina gcuid iarrachtaí leis an mbithéagsúlacht a fheabhsú i gceantar. Mar shampla, nuair a athraítear an córas lomtha féir, is féidir leas a bhaint as comhartha ar nós 'Á bhainistiú ar mhaithe leis an bhFiadhúlra' le muintir na háite a chur ar an eolas agus a shuaimhniú gur tionscadal bithéagsúlachta bunaithe ar eolas atá san fhéar ar an imeall atá níos faide. Is tábhachtach gan comharthaí mar seo a úsáid ar bhealach míchuí agus a chur in airde in áit gan slacht!

**Bileoga** – Ar aon dul leis an gcomharthaíocht, ba chóir aon bhileoga agus aon fhoilseacháin eile a phleanáil in am maith roimh ré. Is minic cuairteoirí sa tóir ar chóipeanna crua de léarscáileanna. Mar sin, seans gur dea-smaoineamh a bheadh ann léarscáil a fhorbairt a chuirfidh in iúl dóibh na háiteanna is fearr le dul chucu. Bígí cinnte go mbeidh an léarscáil cruinn ceart agus profáilte sula ndéanfar í a phriontáil. Moltar go láidir dearthóir a fháil leis an léarscáil a chur le chéile.

**Suíomh gréasáin** – ós rud é gur féidir na múrtha eolais a stóráil ar líne, moltar go gcuirfeadh sibh eolas faoin dúlra agus faoin mbithéagsúlacht le bhur suíomh gréasáin. Beidh sibh in ann na torthaí ó bhur suirbhé a stóráil ansin, chomh maith le grianghraif de na háiteanna is fearr don bhithéagsúlacht agus naisc chuig tionscadail nó eagraíochtaí den chineál céanna.

**Na Meáin Shóisialta** – molaimid do ghrúpaí leas a bhaint as na buntáistí atá le hardáin na meán ar líne leis an scéal a scaipeadh. Uirlisí gasta éifeachtúla iad seo le bhur bpobal agus leis an saol mór a chur ar an eolas faoi na limistéir thábhachtacha don fhiadhúlra atá agaibh agus faoi na hiarrachtaí atá ar bun agaibh chun tacú leo. Bainigí leas as bhur gcainéil ar na meáin shóisialta le grianghraif a chur in airde den fhiadhúlra áitiúil – go háirithe agus torthaí bhur dtionscadal bithéagsúlachta ag teacht chun cinn. Bainigí leas as bhur gcainéil ar na meáin shóisialta fosta leis an scéal a scaipeadh ar shuíomhanna gréasáin maithe feasacha, mar shampla na hacmhainní úsáideacha éagsúla go léir atá ar fáil ar www.pollinators.ie – d'fhéadfadh sibh díriú ar acmhainn dhifriúil gach mí den bhliain.

**Events** – Bealaí maithe iad imeachtaí poiblí le daoine in bhur bpobal a chur ar an eolas agus a mhealladh le bheith páirteach san obair. Is féidir imeachtaí simplí a eagrú, cuir i gcás seisiún siúil agus cainte, nó d'fhéadfadh sibh laethanta praiticiúla caomhantais a eagrú agus cuireadh a chur ar an bpobal cuidiú libh crainn a chur, fálta a chur síos nó abhainn a ghlanadh. Beidh cuid de bhur dtionscadail don bhithéagsúlacht oiriúnach mar imeachtaí pobail, mar shampla, as Úllord an Phobail nó as Fál Inite tiocfaidh lá pobail an fhómhair, b'fhéidir. Molaimid daoibh comhairle a lorg ar an Oifigeach Oidhreachta nó Oifigeach Feasachta Comhshaoil agus rudaí mar seo á bpleanáil agaibh. Beidh sibh in ann cuidiú a lorg ar eagraíochtaí caomhantais, cuir i gcás Cairde Éanlaith Éireann, Caomhnú Ialtóg Éireann, Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann nó Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann, a bheidh in ann comhairle ó shaineolaithe a chur oraibh saor in aisce, b'fhéidir.

# EOLAS AGUS TREOIR BHREISE MAIDIR LEIS AN mBITHÉAGSÚLACHT

- www.tidytowns.ie
  An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail – treoirlínte, foirmeacha iontrála, tuarascálacha ó mholtóirí, comórtais speisialta, nuacht agus ceisteanna coitianta
- www.biodiversity.ie
  An tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta – taifid de speicis fhiáine de gach cineál, láithreáin atá faoi chosaint ar mhaithe leis an bhfiadhúlra, bunachar sonraí léarscáilithe inchuardaithe do speicis, nuacht faoin mbithéagsúlacht, oiliúint agus tuairiscí faoi cheardlanna.
- www.npws.ie
  An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra – ar a bhfuil léarscáileanna de gach limistéar atá faoi chosaint agus gach limistéar ainmnithe eile i bPoblacht na hÉireann. Eolas mionsonraithe ar an tábhacht a bhaineann leis na láithreáin seo.
- www.epa.ie
  An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil – eolas cothrom le dáta faoin gcomhshaol, cuir i gcás aibhneacha, dobharlaigh eile, dramhaíl agus aer. Bunachar sonraí léarscáilithe an-mhaith don timpeallacht nádúrtha.
- www.birdwatchireland.ie
  Cairde Éanlaith Éireann - suíomh gréasáin fíormhaith don eolas ar gach speiceas éan in Éirinn.
- www.swiftconservation.ie
  Caomhnú an Ghabhláin Gaoithe in Éirinn - tionscnamh atá á threorú ag oibrithe deonacha é Caomhnú an Ghabhláin Gaoithe in Éirinn. Is é atá sa suíomh gréasáin seo ardán chun comhairle agus eolas a chur ar fáil faoi bhearta chun an gabhlán gaoithe a chaomhnú ar fud na hÉireann.
- www.rspb.org.uk
  An Cumann Ríoga um Chosaint Éan – suíomh gréasáin an charthanais is tábhachtaí sa Bhreatain chun éin a chosaint, áit a bhfuil treoir áisiúil maidir le boscaí éan a dhéanamh.
- www.iwt.ie
  Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann - eolas faoin bhfiadhúlra, nuacht, blaganna, ábhar oideachais.
- www.batconservationireland.org
  Caomhnú Ialtóg Éireann – suíomh gréasáin iontach áisiúil agus eolas ann ar gach cineál ialtóige atá le fáil in Éirinn. Comhairle do shealbhóirí tí agus do ghrúpaí pobail. Eolas maidir le himeachtaí.
- www.pollinators.ie
  An tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta – an suíomh gréasáin is fearr ar domhan, b'fhéidir, don eolas faoi phailneoirí. Tá an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí ar fáil ar an suíomh gréasáin mar aon le réimse leathan d'ábhar treorach. Moltar do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara rannóg an bhlag a úsáid.
- www.rhs.org.uk
  Cumann Ríoga Gairneoireachta na hÉireann – suíomh gréasáin úsáideach garraíodóireachta ar a dtugtar neart comhairle faoi phlandaí gairdín atá oiriúnach do phailneoirí le haghaidh scéimeanna plandaithe atá níos foirmiúla, ceapacha bláthanna agus soithí.
- www.wildflowersofireland.net
  Bláthanna Fiáine na hÉireann – bunachar sonraí álainn mionsonraithe ina dtugtar cuid mhaith de na bláthanna fiáine atá in Éirinn. Is féidir é a chuardach go furasta agus tá neart eolais ann.
- www.invasivespeciesireland.com
  Speicis Ionracha Éireann – an bunachar sonraí uile-Éireann do speicis ionracha. Eolas agus treoirlínte an-mhaith maidir le speicis éagsúla. Foláirimh maidir le bagairtí mar gheall ar speicis ionracha, eolas faoin reachtaíocht.
- www.ipcc.ie
  Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann – an suíomh gréasáin áisiúil atá ag an gcarthanas is tábhachtaí in Éirinn a bhíonn ag saothrú le portaigh agus seascainn na tíre a chaomhnú.
- www.treecouncil.ie
  Comhairle Crann na hÉireann – suíomh gréasáin úsáideach ón eagraíocht neamhrialtasach seo agus neart comhairle ann faoi chrainn
- www.treesontheland.ie
  Trees on the Land – carthanas Éireannach atá dírithe ar chrainn dhúchasacha Éireannacha a chur ar fud na hÉireann. Bronnann siad crainn óga (buinneáin) saor in aisce, faighte agus curtha in Éirinn, ar dhaoine príobháideacha agus ar ghrúpaí pobail.
- www.watersandcommunities.ie
  Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil – tacaíocht do phobail áitiúla a bheadh ag iarraidh a bheith páirteach i gcúram a n-uiscí áitiúla agus plé leis an bpleanáil d'abhantracha
- www.catchments.ie
  An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil – suíomh gréasáin an GCC ar a dtugtar samplaí den eolaíocht agus scéalta faoi dhobharcheantair in Éirinn agus an ceangal idir an pobal agus an t-uisce.
- www.communityfoundation.ie
  Fondúireacht an Phobail in Éirinn – fondúireacht daonchairdis atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail. Tá an fhondúireacht seo tar éis Ciste Comhshaoil agus Dúlra a chur ar bun agus tá siad ag cur maoiniú ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúla dá bPleananna Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht.

SuperValu Bailte Slachtmhara
Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

# NÓTAÍ